

## Litir Chiorcláin Próiseas nua alt 37A 3 Ceisteanna Coitianta (CCanna)

### Clár

<b>Próiseas nua alt 37A</b> .....	3
C1. Cad é príomhaidhm an Achta Oideachais (Socrú i leith Leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu) 2022?.....	3
C2. Cad atá i gceist leis an bpróiseas nua sruthlínithe alt 37A? .....	3
C3. Cé chomh minic atá sé i gceist próiseas alt 37A a úsáid?.....	5
C4. An mbeidh cead ag scoileanna uirill a dhéanamh faoin bpróiseas alt 37A seo atá níos giorra agus níos sruthlínithe? .....	5
<b>Oibleagáidí nua ar scoileanna, boird bainistíochta agus pátrúin</b> .....	5
C5. Cad iad na hoibleagáidí nua ar scoileanna, boird bainistíochta agus pátrúin? .	5
C6. Conas mar a fheidhmeoidh na hoibleagáidí nua seo in éineacht le próiseas alt 37A? .....	6
<b>Tús feidhme chumhacht an CNOS agus TESS (Alt 67) chun áit scoile a ainmniú</b> .....	6
C7. Cad iad na tosca a chaithfidh an CNOS a mheas sula ndéantar ainmniú? .....	6
C8. Cad iad na tosca a chaithfidh Seirbhísí Tacaíochta Oideachais Tusla (TESS) a mheas sula ndéantar ainmniú? .....	7
C9. An féidir le scoil uirill a dhéanamh maidir le hainmniú?.....	7
C10. An féidir le scoil achomhairc a dhéanamh i gcoinne ainmnithe? .....	7
C11. Cad iad na cineálacha cásanna ina bhféadfadh an CNOS nó TESS ainmniú a dhéanamh? .....	8
C12. An bhforbróidh an CNOS agus TESS nósanna imeachta maidir le hainmnithe a dhéanamh? .....	8
<b>Téacs nua atá le cur isteach sna Ráitis Ligean Isteach i Scoileanna</b> .....	8
C 13. Cén téacs nua a chaithfear a chur isteach sna Ráitis Ligean Isteach? .....	8
C 14. Conas is cóir do scoil a Ráiteas Ligean Isteach a nuashonrú agus an bhfuil gá le faomhadh foirmiúil phátrún na scoile don leasú seo? .....	9
<b>Ról nua féideartha don CNOS chun ligean isteach leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a bhainistiú agus a chomhordú</b> .....	9
C15. Cad lena mbaineann an fhoráil nua seo? .....	9
C16. Cathain a d'fhéadfaí an fheidhm nua seo a úsáid? .....	10
C17. Cén tairbhe a d'fhéadfadh a bheith ag an bhfeidhm nua seo do scoileanna agus do thuismitheoirí? .....	10
<b>Tús feidhme ailt 68 go 70</b> .....	10
C18. Cad dá ndéantar foráil sna forálacha seo?.....	10
C19. Cathain a dhéanfar duine neamhspleách a cheapadh? .....	11

<b>Athbhreithniú.....</b>	<b>11</b>
C20. An bhfuil sé i gceist ag an Roinn athbhreithniú a dhéanamh ar na forálacha nua a bhfuil tús feidhme á dtabhairt dóibh? .....	11

## Próiseas nua alt 37A

### C1. Cad é príomhaidhm an Achta Oideachais (Socrú i leith Leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu) 2022?

Is é cuspóir foriomlán na reachtaíochta seo ná tacú le hiarrachtaí chun soláthar a dhéanamh do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus a chinntiú go gcomhlíontar cearta leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu maidir le hoideachas cuí.

Tá foráil sa reachtaíocht (alt 6 den Acht) do phróiseas alt 37A níos sruthlínithe – an próiseas trína bhféadfaidh an tAire treoir a eisiúint do scoil chun soláthar breise a dhéanamh do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Cuireann an reachtaíocht dualgais bhreise ar scoileanna freisin (féach C5 thíos) agus tá foráil ann d'fheidhm bhreise don CNOS (féach C15 thíos) chun ligean isteach i scoil a bhainistiú agus a chomhordú i gcomhar le tuismitheoirí agus le scoileanna nuair is gá.

### C2. Cad atá i gceist leis an bpróiseas nua sruthlínithe alt 37A?

Áirítear leis an bpróiseas nua 37A níos giorra agus níos sruthlínithe na céimeanna seicheamhach seo a leanas:

1. Má tá an CNOS den tuairim nach bhfuil dóthain acmhainne i limistéar maidir le soláthar oideachais do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, ullmhóidh sé tuarascáil mhionsonraithe ar an ábhar agus cuirfidh sé í seo faoi bhráid an Aire. Beidh mionsonraí i dtuarascáil an CNOS faoin soláthar reatha sa limistéar atá i gceist, aon tionscadail tógála scoile atá beartaithe nó atá ann cheana a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar acmhainn, aon scoileanna sa cheantar a mheasann an CNOS a d'fhéadfadh freastal ar éileamh breise, agus scoileanna a mheasann an CNOS ar cheart iarraidh orthu soláthar breise a dhéanamh agus aon ghnóthaí eile atá ábhartha i dtuairim an CNOS.

2. Nuair a fhaightear tuarascáil, agus má tá an tAire den tuairim gur chóir do dhuine ábhartha (pátrún, bord nó aon duine eile a bhfuil leas dílsithe aige/aici in áitreabh na scoile) soláthar breise a dhéanamh do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, féadfaidh an tAire fógra i scríbhinn a eisiúint. Leagfar amach i bhfógra tuairim an Aire gur cheart don duine ábhartha foráil bhreise a dhéanamh do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus luafar an chúis lena thuairim nó lena tuairim, beidh cóip de thuarascáil an CNOS iniata, sonrúfar ann sonraí na mbearta atá le déanamh ag an scoil ábhartha, sonraí na n-acmhainní atá le cur ar fáil don scoil, sonraí aon socruithe maoinne atá le déanamh lena n-áirítear socruithe maidir le cóiríocht na scoile agus treoir a thabhairt don phátrún nó don bhord an fógra a roinnt le haon duine lena mbaineann úinéireacht na scoile murar eol don Aire an duine sin.
3. Féadfaidh duine ábhartha ar a seirbheálfar fógra uiríll i scríbhinn a dhéanamh ar aon ghnó atá luaite nó sonraithe san fhógra laistigh de 14 lá féilire.
4. Tar éis aon uiríll a fhaightear a bhreithniú, agus má bhíonn an tAire fós den tuairim gur cheart do scoil soláthar breise a dhéanamh do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, féadfaidh an tAire cóip den dréacht-ordú a sheirbheáil ar dhuine ábhartha.
5. Féadfaidh duine ábhartha ar a seirbheálfar cóip de dhréacht-ordú uiríll a dhéanamh i scríbhinn maidir leis an dréacht-ordú laistigh de 14 lá féilire.
6. Tar éis aon uiríll a bhíonn faighte i ndáil leis an dréacht-ordú a bhreithniú, agus má bhíonn an tAire fós den tuairim gur cheart do scoil soláthar breise a dhéanamh do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, féadfaidh an tAire ordú a sheirbheáil ar dhuine ábhartha. Leagfar amach san ordú na bearta a bheidh le glacadh ag an duine ábhartha maidir le soláthar breise a dhéanamh do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, an tréimhse ina nglacfar bearta dá leithéid sin agus aon ghnóthaí ábhartha eile.
7. Comhlíonfaidh an duine ábhartha ordú dá leithéid sin.

De réir phróiseas reatha alt 37A, déanfar gach fógra a eisítear, uiríll a fhaightear, dréacht-treoracha agus treoracha ón Aire a fhoilsiú ar láithreán gréasáin a bheidh á chothabháil ag nó thar ceann an Aire.

### 3. Cé chomh minic agus atá sé i gceist próiseas alt 37A a úsáid?

Is é rogha na Roinne agus an CNOS ná leanúint ar aghaidh ag obair i gcomhar le scoileanna chun ranganna speisialta breise agus áiteanna scoile speisialta breise a sholáthar. Beidh sé mar rogha deiridh úsáid phróiseas alt 37A a bhreithniú nuair a bhíonn teipthe ar iarrachtaí an CNOS, i gcomhar le scoileanna, an soláthar breise riachtanach a chur ar fáil do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

### 4. An mbeidh cead ag scoileanna uiríll a dhéanamh faoin bpróiseas alt 37A seo atá níos giorra agus níos sruthlínithe?

San alt 37A nua tugtar dhá dheis do scoileanna uiríll a dhéanamh i scríbhinn chuig an Aire sular féidir ordú a eisiúint. Éilíonn an reachtaíocht ar an Aire aon uiríll a dhéantar a bhreithniú sula mbogtar ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile den phróiseas. Leagfar amach go soiléir do scoileanna ag an am cuí an próiseas chun uiríll a dhéanamh.

## **Oibleagáidí nua ar scoileanna, boird bainistíochta agus pátrúin**

### C5. Cad iad na hoibleagáidí nua ar scoileanna, boird bainistíochta agus pátrúin?

Cuireann an reachtaíocht nua dualgais bhreise ar scoileanna (pátrúin, boird bhainistíochta agus scoileanna). Is é an príomhdhualgas nua ná comhoibriú leis an CNOS maidir le soláthar breise a dhéanamh do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Tá sé seo dírithe ar a chinntiú go leanann gach scoil ar aghaidh le cur chuige leanbhíárnach a ghlacadh agus go bhfuil siad sásta freastal ar leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Tá an Roinn agus an CNOS tiomanta do leanúint ag obair le scoileanna ar bhealach comhoibríoch chun dóthain ranganna speisialta agus áiteanna scoile speisialta a chur ar fáil. Tá raon tacaíochtaí pleanála agus tógála, tacaíochtaí maoinithe deontais agus tacaíochtaí oiliúna ar fáil do scoileanna a bhfuil ranganna speisialta nua á oscailt acu.

Éilítear ar scoileanna freisin téacs nua a chur ina bpolasaithe ligean isteach (féach C13 thíos) agus cloí le treoracha faoi alt 37A nó alt 67 (féach C7&C8 thíos).

#### C6. Conas mar a fheidhmeoidh na hoibleagáidí nua seo in éineacht le próiseas alt 37A?

Mar atá leagtha amach cheana, beidh sé mar rogha deireanach breithniú maidir le próiseas alt 37A a úsáid má theipeann ar iarrachtaí reatha soláthar dóthanach a dhéanamh do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Baineann na hoibleagáidí nua seo ar phátrúin, ar boird bhainistíochta agus ar scoileanna leis an dteagmháil leanúnach rialta gach bliain idir an CNOS agus scoileanna chun ranganna speisialta nua a oscailt nó spásanna scoile speisialta a mhéadú. Níl sé i gceist go dtiocfadh na hoibleagáidí nua timpeall ar phróiseas alt 37A.

#### **Cumhacht tugtha don CNOS agus TESS (An Ghníomhaireacht um Leanaí agus Teaghlach mar a bhí) (Alt 67) áit scoile a ainmniú**

Tá an fhoráil seo i bhfeidhm ó achtaíodh an tAcht Oideachais (Ligeann Isteach i Scoileanna), 2018 agus tugadh tús feidhme dó le fíordhéanaí.

#### C7. Cad iad na tosca a chaithfidh an CNOS a mheas sula ndéantar ainmniú?

Nuair a bhíonn áit scoile á ainmniú do leanbh a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aige/aici, caithfidh an CNOS aird a thabhairt ar na tosca seo a leanas:

1. Riachtanais speisialta oideachais an linbh;
2. Mianta tuismitheoirí an linbh;
3. Mianta an linbh, nuair is cuí, agus i gcomhréir le haois agus le haibíocht an linbh lena mbaineann;
4. Áiteanna a bheith ar fáil i scoileanna sa cheantar;
5. An scoil, dar le TESS, is fearr a bheadh chun leasa an linbh freastal uirthi, agus tús áite tugtha do scoil áitiúil an linbh mura n-éilíonn leas an linbh a mhalairt;

6. Cumas na scoile freastal ar an leanbh atá i gceist agus freastal ar a riachtanais oideachais speisialta, lena n-áirítear an cumas nuair a chuirtear acmhainní ar fáil don scoil, agus
7. Aon ordú arna sheirbheáil ag an Aire faoi alt 37A a d'fhéadfadh a bheith ábhartha.

#### C8. Cad iad na tosca a chaithfidh Seirbhísí Tacaíochta Oideachais Tusla (TESS) a mheas sula ndéantar ainmniú?

Nuair a bhíonn áit scoil á ainmniú do leanbh, caithfidh TESS na tosca seo a leanas a chur san áireamh:

1. Mianta tuismitheoirí an linbh;
2. Mianta an linbh, nuair is cuí, agus i gcomhréir le haois agus le haibíocht an linbh lena mbaineann;
3. Áiteanna a bheith ar fáil i scoileanna sa cheantar agus
4. An scoil, dar le TESS, is fearr chun freastal ar leasa an .

#### C9. An féidir le scoil uiríll a dhéanamh maidir le hainmniú?

Is féidir. Má tá sé i gceist ag an CNOS nó ag TESS cinneadh áit scoile a ainmniú do leanbh, seirbheálfadh siad fógra ar bhord na scoile agus féadfaidh an bord uiríll a dhéanamh i scríbhinn laistigh de 10 lá féilire maidir leis an ainmniú. Caithfidh an CNOS nó TESS aon uiríll a dhéanann bord scoile a bhreithniú roimh dhul ar aghaidh chun treoir a thabhairt do bhord scoile leanbh a ghlacadh. Glactar leis go mbeidh an CNOS nó TESS tar éis a bheith i dteagmháil le scoileanna áitiúla sula dtagann siad ar chinneadh ainmniú a dhéanamh.

#### C10. An féidir le scoil achomhairc a dhéanamh i gcoinne ainmnithe?

Níl foráil sa reachtaíocht do mheicníocht achomhairc ionas gur féidir le scoileanna achomharc a dhéanamh ar threoir ón CNOS nó TESS ordú a thabhairt do bhord scoile leanbh a ligean isteach.

C11. Cad iad na cineálacha cásanna ina bhféadfadh an CNOS nó TESS ainmniú a dhéanamh?

Faoin reachtaíocht reatha, caithfear leanbh a ligean isteach má tá spás ag an scoil. Is féidir le tuismitheoirí achomharc a dhéanamh faoi Alt 29 den Acht Oideachais 1998 más mian leo achomharc a dhéanamh in aghaidh chinneadh boird scoile ligean isteach a dhiúltú. Tá sé i gceist go n-úsáidfear an chumhacht nua seo chun áit scoile a ainmniú i gcúinsí teoranta. Síltear go mbeidh an CNOS nó TESS lán-ghafa le scoil sula ndéanfar ainmniú faoi alt 67.

Ní féidir achomharc faoi alt 29 agus ainmniú faoi alt 67 a dhéanamh maidir leis an dalta céanna agus an scoil chéanna ag an am céanna.

D'fhéadfaí leas a bhaint as an rogha ainmniú a úsáid i gcomhar le scoileanna m.sh. má aontaíonn an CNOS agus bord bainistíochta na scoile cead a thabhairt don CNOS leanaí a ainmniú do rang speisialta mura bhfuil polasaí iontrála ag an scoil fós a chlúdaíonn ligean isteach sa rang speisialta nua. Ina theannta sin, mura bhfuil iarratas déanta ag tuismitheoir chuig aon scoil, féadfaidh TESS i gcomhar le scoil ainmniú a dhéanamh maidir le leanbh.

C12. An bhforbróidh an CNOS agus TESS nósanna imeachta maidir le hainmnithe a dhéanamh?

Tá nósanna imeachta oibriúcháin forbartha ag an CNOS agus ag TESS dá bhfoirne maidir le halt 67.

### **Téacs nua atá le cur isteach sna Ráitis Ligean Isteach i Scoileanna**

C13. Cén téacs nua a chaithfear a chur san áireamh sna Ráitis Ligean Isteach?

Ceanglaíonn an reachtaíocht nua ar scoileanna go n-áireofar i ráiteas breise sa ráiteas iontrála atá mar chuid dá bpolasaí iontrála ina leagfar amach go gcomhoibreoidh an scoil leis an CNOS go ginearálta agus go háirithe maidir le rang nó ranganna speisialta a sholáthar agus a fheidhmiú nuair a iarrtar a leithéid agus ráiteas breise go gcomhoibreoidh an scoil le haon treoir ón Aire faoi alt 37A agus aon treoir ón CNOS nó ó Tusla faoi alt 67. Seo a leanas an fhoirm don dá phársa téacs ar leith atá le cur leis na ráitis ligean isteach:



*Comhoibreoidh (cuir isteach ainm na scoile) leis an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta i gcomhlíonadh feidhmeanna na Comhairle faoin Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu 2004 maidir le soláthar oideachais do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, lena n-áirítear soláthar agus feidhmiú rang nó ranganna speisialta nuair a iarrann an Chomhairle a leithéid.*

Agus

*Comhlíonfaidh (cuir isteach ainm na scoile) le haon ordúchán a sheirbheálfar ar an bpátrún nó ar an mbord faoi alt 37A agus aon ordúchán a sheirbheálfar ar an mbord faoi alt 67(4B) den Acht Oideachais.*

C14. Conas is cóir do scoil a Ráiteas Ligean Isteach a nuashonrú agus an bhfuil gá le faomhadh foirmiúil phátrún na scoile don leasú seo?

Tá, de réir an Achta Oideachais, 1998 beidh ar an mbord faomhadh an phátrúin a lorg do na codanna breise a chuirfear leis an Ráiteas Iontrála scoile. Cuirfidh an Roinn teimpléad ar fáil chuige seo ina leagfar amach próiseas ceadaithe simplithe do bhoird agus do phátrúin.

### **Ról nua féideartha don CNOS chun ligean isteach leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a bhainistiú agus a chomhordú**

C15. Cad lena mbaineann an fhoráil nua seo?

Tá foráil reachtaíocht d'fheidhm nua don CNOS chun féidearthacht iontráil ar scoil a bhainistiú agus a chomhordú i gcomhar le tuismitheoirí agus le scoileanna.

D'fhéadfadh an fheidhm seo a bheith an-úsáideach in áiteanna áirithe ina bhféadfaí tacú le scoileanna comhoibriú maidir le ligean isteach leanaí chuig ranganna speisialta – i.e. cás a sheachaint ina dtagann líon mór iarratas ó leanaí ar ligean isteach chuig roinnt ranganna speisialta i limistéar ar leith agus go gcaithfidh scoileanna líon mór iarratas a ghlacadh, iad a athbhreithniú agus freagairt dóibh.

Sula gcuirfidh an CNOS aon phleananna maidir le húsáid na feidhme nua seo chun cinn, rachaidh siad i dteagmháil le páirtithe leasmhara oideachais agus daoine eile a bhfuil suim acu.

#### C16. Cad dá bhféadfaí an fheidhm nua seo a úsáid?

D'fhéadfaí an fheidhm nua seo a úsáid chun tacú le tuismitheoirí agus le scoileanna i suíomh ar leith ina bhfuil éileamh ard ar áiteanna i ranganna speisialta. D'fhéadfadh an CNOS dul i dteagmháil le scoileanna agus le tuismitheoirí chun próiseas a chomhaontú d'fhonn an próiseas ligean isteach a bhainistiú. B'fhéidir go mbeadh ar an CNOS coiste comhairleach a bhunú chun iarratais a athbhreithniú agus chun tacú le roinnt scoileanna oibriú le chéile tríd an bpróiseas iontrála dá rang nó dá ranganna speisialta.

#### C17. Cén tairbhe a d'fhéadfadh a bheith ag an bhfeidhm nua seo do scoileanna agus do thuismitheoirí?

D'fhéadfadh go laghdódh an fheidhm nua an gá ag scoileanna líon mór iarratas a mheas do líon beag áiteanna ranga speisialta agus d'fhéadfadh sé cabhrú le tuismitheoirí ar féidir leo iarratas a dhéanamh faoi láthair chuig líon mór scoileanna agus áit á lorg acu i rang speisialta do leanbh a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aige/aici.

### Tús feidhme ailt 68 go 70

#### C18. Cad dá ndéantar foráil sna forálacha seo?

Is foráil é Alt 68 a chuireann ar chumas an phátrúin teoracha a eisiúint don bhord bainistíochta má theipeann orthu an reachtaíocht ligean isteach a chomhlíonadh, agus, má theipeann ar an mbord comhlíonadh, féadfaidh (an pátrún) duine neamhspleách a cheapadh chun gníomhú maidir leis seo.

Tugann alt 69 an t-údarás don Aire duine údaráithe a ainmniú chun tuarascáil a ullmhú má tá an tAire den tuairim gur mhainnigh an bord bainistíochta polasaí ligean

isteach a ullmhú agus a fhoilsiú de réir an Achta. Tar éis don Aire an tuarascáil a bhreithniú féadfaidh sé treoir a thabhairt don bhord bainistíochta.

Is éard atá in alt 70 ná forail don Aire chun iarraidh ar phátrún a ordú don bhord bainistíochta ordachán a chomhlíonadh de réir alt 68.

#### C19. Cathain a dhéanfar duine neamhspleách a cheapadh?

Má tá an Pátrún den tuairim gur mhainnigh an bord bainistíochta ordachán a chomhlíonadh, déanfaidh an Pátrún, tar éis fógra breise a eisiúint agus aon uirill a fuarthas ina leith sin a bhreithniú, agus faoi réir thoiliú an Aire, duine neamhspleách a cheapadh chun an t-ordú faoi ailt 68 agus 70 a chur i gcrích.

#### Athbhreithniú

C 20. An bhfuil sé i gceist ag an Roinn athbhreithniú a dhéanamh ar na forálacha nua a bhfuil tús feidhme á dtabhairt dóibh?

Tá an Roinn tiomanta d'athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmiú na bhforálacha reachtaíochta nua seo ar bhonn leanúnach le páirtithe leasmhara oideachais agus páirtithe eile a bhfuil suim acu sa ghnó. Cuireann an reachtaíocht nua ceangal, ach go háirithe, ar an Roinn tús a chur le hathbhreithniú ar oibriú an ailt nua 37A laistigh de 3 bliana.